Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/3221

20.12.2024

**CINNEADH (AE) 2024/3221 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 12 Nollaig 2024**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Liobáine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar an gComhaontú sin trí Phrótacal 4 a ghabhann leis, a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin, a ionadú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Liobáine, den pháirt eile ('an Comhaontú') a thabhairt i gcrích trí bhíthin Chinneadh 2006/356/CE ([1]) ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Aibreán 2006.

(2) Le Prótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú ('Prótacal 4'), sainmhínítear an coincheap 'táirgí tionscnaimh' agus leagtar síos modhanna comhair riaracháin. De bhun Airteagal 38 de Phrótacal 4, féadfaidh an Chomhairle Comhlachais a bunaíodh faoi Airteagal 74(1) den Chomhaontú ('an Chomhairle Comhlachais') cinneadh a dhéanamh forálacha Phrótacal 4 a leasú.

(3) Ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici, nó trí mhalartú litreacha, tá an Chomhairle Comhlachais le cinneadh a dhéanamh lena leasaítear an Comhaontú trí Phrótacal 4 a ionadú.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla leis an gcinneadh ón gComhairle Comhlachais.

(5) Rinne an tAontas an Coinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha uile-Eora-Mheánmhara ('an Coinbhinsiún') a thabhairt i gcrích le Cinneadh 2013/94/AE ([2]) ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm i ndáil leis an Aontas an 1 Bealtaine 2012. Leagtar síos leis forálacha maidir le tionscnamh earraí a thrádáiltear faoi na comhaontuithe saorthrádála déthaobhacha ábhartha arna dtabhairt i gcrích idir na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún ('na Páirtithe Conarthacha'), forálacha a mbeidh feidhm acu gan dochar do na prionsabail a leagtar síos sna comhaontuithe déthaobhacha sin.

(6) Leasaíodh an Coinbhinsiún le Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha uile-Eora-Mheánmhara ([3]) ('an leasú ar an gCoinbhinsiún').

(7) Tiocfaidh an leasú ar an gCoinbhinsiún i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025 i ndáil le gach Páirtí Conarthach.

(8) Foráiltear le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún go ndéanfaidh gach Páirtí Conarthach bearta iomchuí chun a áirithiú go gcuirfear an Coinbhinsiún i bhfeidhm go héifeachtach. Chuige sin, tá an Chomhairle Comhlachais le cinneadh a dhéanamh lena gcuirtear prótacal nua in ionad Phrótacal 4, prótacal nua lena n-áirítear tagairt dhinimiciúil don Choinbhinsiún, ionas go mbeidh tagairt ann i gcónaí don leagan is déanaí den Choinbhinsiún atá i bhfeidhm. In éagmais na tagartha sin, ní áiritheofaí cur i bhfeidhm éifeachtach an leasaithe ar an gCoinbhinsiún, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chóras an charntha thrasnánaigh faoin gCoinbhinsiún.

([1]) Cinneadh 2006/356/CE ón gComhairle an 14 Feabhra 2006 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Liobáine, den pháirt eile (IO L 143, 30.5.2006, lch. 1).

([2]) Cinneadh 2013/94/AE ón gComhairle an 26 Márta 2012 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha uile-Eora-Mheánmhara (IO L 54, 26.2.2013, lch. 3).

([3]) Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 maidir leis an leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara [2024/390] (IO L, 2024/390, 19.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/390/oj).

(9) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhairle Comhlachais a bhunú ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Liobáine, den pháirt eile, bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhairle Comhlachais a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha agus rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PINTÉR S.